Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1308

13.5.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1308 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 30 Aibreán 2024**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/1/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh (CBES) 2017/1869, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar bhonn togra ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 19 Iúil 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1294 ([2]), lena gceaptar Anders WIBERG mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 16 Lúnasa 2022 go dtí an 30 Aibreán 2024.

(3) An 29 Aibreán 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1247 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Iraq ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2026.

(4) An 27 Márta 2024, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Anders WIBERG mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Anders WIBERG mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

([1]) IO L 266, 17.10.2017, lch. 12.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1294 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 19 Iúil 2022 maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/1/2022) (IO L 196, 25.7.2022, lch. 123).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1247 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L, 2024/1247, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1247/oj).